

## Financial Guideline 2021/2022 - 25

### Community & Comprehensive Schools

#### **Revised Salary Rates applicable from 1<sup>st</sup> February 2022 for School Secretaries, Caretakers and Cleaners who have Public Service Contracts**

***All salary scales and hourly rates payable to affected staff set out in previous guidelines are superseded by the terms of this guideline with effect from 1<sup>st</sup> February 2022.***

#### **1. Introduction**

Under the terms of Section 3 of the Building Momentum - A New Public Service Agreement 2021-2022, whole-time annual basic scale salaries will be increased by 1% with effect from 1<sup>st</sup> February 2022.

#### **2. Salary Increase**

The revised rates of salary are based on [Circular 07/2022](#). The 1% increase applies to **Department sanctioned clerical, caretakers and cleaning staff**. Circular 07/2022 applies to sanctioned Department staff only paid from the NTP grant.

**Revised salary scales for school secretaries and school maintenance staff, which are inclusive of the 1% increase, are detailed in Circular 0007/2022.**

#### **3. Deductions**

Deductions from pay which are expressed as a percentage of pay (e.g. union subscriptions) should be recalculated based on the revised rates of pay effective from the 1st February 2022.

#### **4. Pensions**

As per [DPER Circular 10/2021](#) this 1% increase will apply to the public service occupational pension schemes, with the exception of the Single Public Service Pension Scheme. See Appendix A for further details on this.

Please contact the Department of Education's Schools Division Financial if you require further assistance with any pension calculations.

## **5. Allowances**

Allowances which are calculated as a specific percentage or specified portion of basic pay should be calculated by reference to the revised rates of pay with effect from 1<sup>st</sup> February 2022.

On 1<sup>st</sup> February 2022: Fixed allowances which are not calculated as a specific percentage or specified proportion of basis salary will be increased by 1%.

**Any new allowances introduced after 1 January 2010 will not be increased under this circular.**

## **6. Part-time Department Sanctioned Staff (fully funded by the Department through the Non Teacher Pay Grant)**

The pay of part-time staff should be revised, in accordance with normal arrangements, by reference to the pay of whole-time staff to which they are related for pay purposes.

## **7. School staff funded by the SSSF grant and other funds**

This increase does not apply to secretaries, caretakers, cleaners, etc funded from the SSSF grant and general school funds and paid directly by the board.

### **Reference**

This guideline is based on [Circular 0007/2022](#).

*Further information or clarification on any of the issues raised in this Guideline can be obtained from the FSSU.*

Tel: 01-269 0677  
[info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie)

16<sup>th</sup> February 2022

## **Appendix A**

### **Example of calculating the pension increase**

The 1% increase will apply to the public service occupational pension schemes, with the exception of the Single Public Service Pension Scheme.

This essentially means that where there is a 1% increase in the salary there will be a corresponding increase in the pension. Where there is a fixed € amount increase you need to know:

- the point on the scale the individual retired on
- the pension factor used to calculate the pension

For example, Mary retired in 2010 from a grade III clerical officer post on the long service increment. Her pension was calculated on a salary of €39,556, using a factor of 0.42 ( $39556 \times 0.42$ ), giving an annual pension of €16,613.

In line with previous pay increases her pension at the 30<sup>th</sup> of September 2021 was based on a salary of €40,590 multiplied by her pension factor of 0.42 = €17,048.

On the 1<sup>st</sup> October 2021 an increase of €500 was applied to the salary scale, therefore her pension was increased to  $\text{€}41,090 \times \text{her pension factor } 0.42 = \text{€}17,258$ .

On the 1<sup>st</sup> February 2022 Mary is due an increase of 1% on her pension or the current salary per the scale  $\text{€}41,501 \times \text{her pension factor of } 0.42 = \text{€}17,430$ .

Please contact the Department of Education's Schools Division Financial if you require further assistance with any pension calculations.

## Treoiríne Airgeadais 2021/2022 - 25

### Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

#### Rátaí Leasaithe Tuarastail is infheidhme ón 1 Feabhra 2022 maidir le Rúnaithe Scoile, Feighlithe agus Glantóirí a bhfuil Conradh Seirbhísé Poiblí acu

*Gach scála tuarastail agus ráta in aghaidh na huaire is iníochta leis an bhfoireann atá i gceist, mar a leagadh amach sna treoirínte roimhe seo iad; gabhann téarmaí na treoiríne seo ina n-ionad le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.*

#### 1. Réamhrá

Faoi théarmaí Chuid 3 de ‘Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhísé Poiblí, 2021-2022’, méadófar buntuarastail scála lánaimseartha bhliantúla 1% le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

#### 2. Méadú Tuarastail

Is ar [Chiorclán 07/2022](#) atá na rátaí tuarastail leasaithe bunaithe. Baineann an méadú 1% le **baill foirne chléireachais, feighlithe agus glantóirí atá ceadaithe ag an Roinn**. Ní bhaineann Ciorclán 07/2022 ach amháin le baill foirne atá ceadaithe ag an Roinn a íocatar ón Deontas Pá Neamh-Mhúinteora.

**Na scálaí tuarastail leasaithe do rúnaithe scoile agus baill foirne cothabhála scoile, a bhfuil an méadú 1% san áireamh iontu, leagtar amach i gCiorclán 0007/2022 iad.**

#### 3. Asbhaintí

I gcás asbhaintí ó phá a shloinntear mar chéatadán de phá (m.sh. síntíús le ceardchumainn), is cóir iad a athríomh bunaithe ar na rátaí leasaithe pá le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

#### 4. Pinsin

De réir [Chiorclán RCPA 10/2021](#) beidh feidhm ag an méadú 1% seo ar scéimeanna

pinsin cheirde na seirbhíse poiblí, cé is moite den Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Féach Agusín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí faoi seo.

Déan teagmháil le Rannán Airgeadais Scoileanna na Roinne Oideachais má theastaíonn tuilleadh cúnaimh uait le haon ríomhanna pinsin.

## 5. Liúntais

Na liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonrach nó mar chion sonraithe de bhunphá, is ceart iad a ríomh trí thagairt do na rátaí pá leasaithe le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2022.

An 1 Feabhra 2022: Liúntais sheasta nach ríomhtar mar chéatadán sonrach ná mar chion sonraithe de bhuntuarastal, méadófar 1% iad.

**Aon liúntais nuá a tugadh isteach tar éis 1 Eanáir 2010, ní thiocfaidh méadú orthu faoin gcioclán seo.**

## 6. Baill Foirne Pháirtaimseartha atá Ceadaithe ag an Roinn (lánmhaoininthe ag an Roinn tríd an Deontas Pá Neamh-Mhúinteora)

Is cóir pá ball foirne páirtaimseartha a leasú de réir na ngnáthshocruithe, trí thagairt do phá na mball foirne lánaimseartha a mbaineann siad leo ó thaobh pá de.

## 7. Baill foirne scoile arna maioniú ag an deontas SSSF agus cistí eile

Ní bheidh feidhm ag an méadú seo ar rúnaithe, feighlithe, glantóirí, srl. a mhaoinítear ón deontas SSSF agus ó chistí ginearálta scoile, agus a n-íocann an bord go díreach iad.

### Tagairt

Tá an treoirlíne seo bunaithe ar [Chiorclán 0007/2022](#).

*Is féidir tuilleadh eolais ná soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.*

Guthán: 01-269 0677  
[info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie)

An 16 Feabhra 2022

# Aguisín A

## Sampla de mhéadú pinsin a ríomh

Beidh feidhm ag an méadú 1% seo ar scéimeanna pinsin cheirde na seirbhise poiblí, cé is moite den Scéim Pinsin Aonair na Seirbhise Poiblí.

Ciallaíonn sé sin go bunúsach go dtiocfaidh méadú comhfhereagrach 1% ar an bpinsean leis an méadú 1% sa tuarastal. Dá mbeadh méadú de mhéid € seasta ann bíodh a fhios agat:

- an pointe ar an scála ar a ndeachaigh an duine ar scor
- an fachtóir pinsin a úsáidtear chun an pinsean a ríomh

Mar shampla, chuaigh Máire ar scor sa bhliain 2010 ó phost oifigeach cléireachais de ghrád III ar incrimint fadseirbhise. Ríomhadh a pinsean ar thuarastal €39,556, ach fachtóir 0.42 a úsáid ( $39556 \times 0.42$ ), ónar tháinig pinsean bliantúil dar luach €16,613.

I gcomhréir le méaduithe pá roimhe seo bhí a pinsean an 30 Meán Fómhair 2021 bunaithe ar thuarastal €40,590 arna iolrú faoina fachtóir pinsin 0.42 = €17,048.

An 1 Deireadh Fómhair 2021 cuireadh méadú €500 i bhfeidhm ar an scála tuarastail, méadaíodh a pinsean dá réir chuirg €41,090 x a fachtóir pinsin 0.42 = €17,258.

An 1 Feabhra 2022 beidh méadú 1% dlite do Mháire ar a pinsean nó ar a tuarastal reatha de réir an scála €41,501 x a fachtóir pinsin 0.42 = €17,430.

Déan teagmháil le Rannán Airgeadais Scoileanna na Roinne Oideachais má theastaíonn tuilleadh cúnaimh uait le haon ríomhanna pinsin.